Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2023**
**(OR. en)**

**5480/23**

**CDR 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta amháin agus agus triúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Polainne, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. Le litir dar dáta an 4 Lúnasa 2021[1], an 12 Iúil[2] agus an 7 Nollaig 2022[3], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Ludwik Kajetan WĘGRZYN, comhalta de Choiste na Réigiún, agus Elżbieta Anna POLAK agus Marek Andrzej TRAMŚ, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 11932/21.
[2] 11623/22.
[3] 14663/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críche ionadú Ludwik Kajetan WĘGRZYN, mhol Rialtas na Polainne [4]Joachim Michał SMYŁA, ar ionadaí comhlachta áitiúil é a bhfuil sainordú toghchánach aige in údarás áitiúil, *Radny Powiatu Lublinieckiego* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Lubliniec), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2024, dáta a dtiocfaidh deireadh lena shainordú náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme. Tar éis do SMYŁA a bheith ceaptha, beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún folamh.

4. Thairis sin, mhol Rialtas na Polainne na hionadaithe seo a leanas ar chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil acu mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2024, dáta a dtiocfaidh deireadh lena sainorduithe náisiúnta faoi seach i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme: Marcin Artur JABŁOŃSKI, *Członek Zarządu Województwa Lubuskiego* (Comhalta de Bhord Bainistíochta Chomhairle Chúige Lubuskiego), Andrzej Antoni PŁONKA, *Radny Powiatu Bielskiego* (*woj. śląskie*), (Comhalta de Chomhairle Ceantair Bielsko (Cúige Śląskie)), agus Lucyna Teresa SOKOŁOWSKA, *Radna Powiatu Rzeszowskiego* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Rzeszów).

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 5479/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[4] 5475/23.